

Lá Oibre

Dáire Ó hAinmhire

Bhí Cól Phaidín Pheait ar an bportach ón hocht a chlog ar maidin - bhí ocras air anois. Fear mór, ard, láidir a bhí ann le dreach garbh a thaispeáin na blianta a chaith sé ag sclábhaíocht ar an bhfeirm bheag sna sléibhte. Bhí folt catach rua air le paiste folamh i lár báire. Bhí an ghrian ag soilsiú ar an bplait seo agus bhí sé ag éirí dearg. Bhí an lá brothallach marbhánta agus bhí Cól ag cur allais. Faoin am seo bhí boladh bréan uaidh ach ní raibh duine ná deoraí i bhfoisceacht scread asail de agus bhí cleachtadh mhaith aige féin ar an mboladh sin.

Bhí a dhroim tinn fresin - ag gróigeadh a bhí sé - agus bhí an mhaidin uilig caite aige ag obair lena dhá lámh agus é cromtha síos. Obair chrua a bhí ann ach ní raibh Cól sásta glacadh le haon aicearra ná aon bhealach nua-aimseartha sa gcás seo. Dhéanfadh seisean an jab díreach mar a rinne a mhuintir roimhe é ag dul siar thar na blianta. Bhí bealach amháin le móin a shabháil, an bealach a mhúin a athair dó agus an bealach a chleacht sé féin ón tús. Bhí móin ag muintir Uí Chualáin i gcónaí - nach raibh cliú agus cáil orthu i gcéin agus i gcóngar mar gheall ar an gclochmhóin a bhíodh acu? Ina intinn féin bhí Cól chomh maith inniu ar an bportach is a bhí sé ariamh, ach ag an am céanna bhí pianta ina chnámha anois. Bhí air suí síos i bhfad níos minicí agus bhí sos ag teastáil uaidh go rialta fiú nuair nach raibh gal dá phíopa uaidh.

Bhí Cól ag obair chomh dian sin nár chuala sé Cáit ag teacht aníos an boithrín beag cúng gairbhéil ar an seanrothar meirgeach. Leag sí an rothar faoi dhris, ó theas na gréine. Nuair a shroich sí a fear chéile, bheannaigh sí don obair le beannacht thradisiúnta agus d'fhreagair sé féin le beannacht chuí. Chuaigh sí go dtí áit thirim a raibh luachair agus fraoch leagtha síos ag Cól inti agus shuigh an bheirt acu síos. Níor dhúirt siad tada eile le chéile ina dhiaidh sin. Bhí súile móra gorma ag Cáit, le drithlí iontu. Bheadh a fhios ag stráinséir gur duine aerach a bhí inti uair amháin nuair a bhí sí óg ach ar nós Chóil féin bhí scéal na mblianta le feiceáil ina súile agus go háirithe na blianta deacra a chaith sí i mBaile an tSléibhe ag tógáil ochtar gasúr gan uisce ná leictreachas sa teach. Is iomaí furca a bhí ar éadan Cháit anois tar éis na blianta ag sclabhaíocht.

Thosaigh sí ag smaoineamh ar an uair a rugadh Cáit Óg, an chéad uair a raibh sí féin san ospidéal. Chuimhnigh sí ar an turas fada go dtí an t-ospidéal i nGaillimh le capall agus carr sa dorachadas, an phian chéasta a bhí uirthi agus an bród nuair a tháinig an páiste tar éis beagnach ceithre huairé fichead ag fanacht. Shíl sí go raibh an páiste is áille ar domhan aici. Rugadh Pádraic an bhliain ina dhiaidh sin, ansin Bridie, Mickey, Cóilín, Beartla, Caitlín agus Tomás. Ochtar páistí ar fad agus iad uilig imithe anois - Sasana, Meiriceá, agus Tomás san Astráil. Ach bhí siad ag déanamh go maith dóibh féin, buíochas le Dia, postanna maithe acu, ní raibh aon cheann acu ag sclábhaíocht ar nós Cháit agus Cól nuair a bhí siad ag fás.

Faoin am seo bhí Cól réidh leis an arán baile agus an buidéal tae. Chaith sé caorán le caróg liath a bhí ag teacht gar dóibh. Chuir Cáit an buidéal agus na páipéir ar ais sa mála donn agus sheas sí suas. “Seasfaidh mé ag an ngarraí buí ar mo bhealach abhaile,” ar sise. Bhí a fhios ag Cól céard a bhí i gceist aici, go mbreathnódh sí ar an mbó dhubh agus a gamhain ar a bealach abhaile. Phioc sí suas buidéal an bhainne ón lagpholl ar an mbealach amach, áit a raibh sé fágtha ag Cól le go mbeadh sé fuar agus úr i gcónaí agus bhuaíl sí bóthar.

Chuaigh Cól ar ais ag obair. Bhí se bródúil as a bhean cé nár dhúirt sé a leithéid riamh léi. Bhí tuairim aige go raibh a fhios aici, ach ar nós go leor eile ní raibh aon ghá é a rá, is dóigh. Bhí a dhroim ag cur as dó aríst ach ní raibh de rogha aige ach leanacht leis. Thaitin sé leis a bheith ag machnamh leis féin nuair a bhí sé ag obair. Is minic a bhí sé leis féin na laethanta seo. Chuimhnigh sé ar an lá ar thit Beartla beag isteach sa lagphortach agus gur beagnach cailleadh é. Bhíodh gleo agus caint agus spraoi ar an bportach nuair a bhí na gasúir ann. Cheap sé ag an am go raibh siad badráilte ach thuig sé an scéal i bhfad níos fearr inniu. Cé mhéad a d'íocfadh sé anois chun Beartla beag a thabhart ar ais aríst go dtí an portach, fiú ar feadh deich nóiméad? Nach acu a bheadh spraoi? Meastú an bhfuil sé i gcónaí in ann an sléan a láimhseáil nó an bhfuil dearmad déanta aige ar na scileanna a d'fhoghlaim sé óna athair? Nach é a bheadh bródúil as an gclochmhóin álainn sin?

Bhí Cól chomh cruógach sin lena chuid smaointe agus leis an obair a bhí ar siúl aige nár thug sé faoi deara an scamall mór dorchas sa spéir, siar ó dheas uaidh. Rith sé i dtreo scailpe ar bhruach an lagphortaigh nuair a thosaigh an bháisteach. Bhí beagán foscaidh ansin. Bhreathnaigh sé ar an spéir agus bhí sé sásta go raibh sé gar go maith don sé a chlog. Ní fhéadfadh sé mórán eile a dhéanamh inniu mar go raibh an áit fliuch anois. Bhuaíl cloigín an tséipéil d'Fháilte an Aingil agus chuir Cól comhartha na croise air féin. Chuaigh sé síos go mall ar ghlúin amháin sa bpuiteach, bhí sé ina chreatachán ceart. Bhí a fhios aige anois go raibh an aois ag teacht air.

(Bhuaigh an scéal seo an chéad duais i gComórtas an Údarais agus i gcomórtas an Oireachtais sa mbliain 1999.)

Máire Áine Ní Dhonnchadha

Ciarán Ó Conceanainn

Siad na trí coda den draíocht, ceo, ceol agus seoltóireacht, a deirtear linn. Draíocht is ea an ceol, draíocht is ea an amhránaíocht, ach tá draíocht faoi leith le cloisteáil i nduanaireacht Mháire Áine. Ag éisteacht léi, ba dhóigh le duine gur tugadh trí cheo draíochta é go dtí an náisiún anonn ina bhfuil an ghrian agus na réalta ina stad le chéile, mil ina slaodaibh, torthaí ar ghéagaibh, óige an tsaoil de shíor ann, gan trácht ar aois go brách.

Is maith a thuill Máire Áine Ní Dhonnchadha an nóta molta a scríobh Seán Ó Riada ar chlúdach *Deora Aille*, ceirmín dá cuid amhrán a d'eisigh Ceirmíní Cladaigh i 1970. Fréamhaithe i bhfad siar thar a linn féin, am a raibh na mná caointe i mbarr a réime, b'fhéidir, a bhí stil scanrúil chaoiteach fonadóireachta Mháire Áine, an stil chéanna a thuill cliú agus cáil di, ní hamháin i gceantar iargúlta Chois Fharraige agus ar fud an oileáin bhig seo ach níos faide anonn ar stáitsí arda sna tíortha coimhthíocha. Ba ar an mBóthar Buí i gCois Fharraige a saolaíodh í agus ba í an té ab óige den naonúr muiríne a bhí ar Sarah Thaidhg agus Stiofán Sheáin Hughie Ó Donnchadha. Bhí scoth na n-amhrán ag a hathair agus ag a máthair agus ní haon ionadh go bhfuair an ghirseach óg an bua seo le huacht uathu. Amhráin aeracha spóirtíúla a hathar ar nós 'An Faoitín', agus amhráin bhrónacha a máthar, go háirithe 'Seán Bán', amhrán atá imithe ar gcúl sa lá atá inniu ann ach a bhfuil gaol gairid aige le haicme na 'Unguite Grave Songs' atá le fáil go fóill i gConamara agus sna ceantair Ghaeltachta eile, 'Ceaite an Chúil Chraobhaigh', go príomha a bhfuil leagan de curtha i dtaisce ag Máire Áine i dtaisce ceoil dúchais na hÉireann.

B'as saol an bhéaloidis, saol na dtithe ceann tuí, na n-óicheanta áirneáin agus na *timeanna* a fáisceadh Máire Áine ar an gCnoc in Indreabhán sa mbliain 1919. D'fhreastail sí ar Scoil Náisiúnta Shailearna sula dtug sí a haghaidh ar Chlochar na Trócaire i dTuaim agus ansin ar aghaidh chuig Coláiste Oiliúna Thuar Mhic Éadaigh agus ansin go dtí Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach, áit ar cáilíodh í ina hoide scoile. Is mar amhránaí sean-nóis is fearr a bhain sí cliú amach di féin, áfach. Le linn a hóige i gCois Fharraige bhí na hamhráin

le cloisteáil istigh agus amuigh agus iad chomh fairsing leis na clocha duirlinge nó na ceannabháin bhána ins na portaigh. B'ansin a chuir sí eolas ar an rud a bhí aici féin go nádúrtha, an traidisiún sean-nóis fréamhaithe ina cuid fola agus gan de leigheas aici air ach ardán a thabhairt dó. Bhain sí cliú agus cáil amach di féin leis seo, gan trácht ar thraidisiún na hamhránaíochta dúchais a chur ar stáitse níos leithne ná mar a bhí ar chumas na n-amhránaíthe sean-nóis a bhí ag saothrú na ceirde i nGaeltachtaí eile na tíre. Ghnóthaigh sí Bonn Óir an Oireachtais i 1950 agus is cinnte gur mhéadaigh sé seo ar a cáil agus ar na deiseanna taistil chun briathar na hamhránaíochta a chraobhscaoileadh.

Ní mar amhránaí, áfach, is mó atá cáil uirthi sa lá atá inniu ann ach mar bhailitheoir agus mar chaomhnóir ar na hamhráin dúchais, amhráin a bheadh curtha i dtalamh d'uireasa an dua agus an anró a chuir sí uirthi féin chun iad a bhailiú, a thaifeadadh agus a bhreacadh síos agus ansin a chur ar fáil don phobal ar suim leo iad. Bheadh cuid d'amhráin mhóra Chonamara imithe as cuimhne na ndaoine murach go ndearna sí taifeadadh orthu, 'An Aill Eidhneach', 'Neilín an Bhrollaigh Ghil' agus 'Loch na Ní' chun cuid den bheagán a lua. Is lena leagan caointeach d'amhrán Thomáis Láidir 'Ac Coisdealbha, 'Úna Bhán', is mó a bhain sí cáil amach di féin. Bhain an leagan neamhghnách seo den amhrán geit as an gcirocal fonadóireachta agus lucht critice araon. Bhí an leagan seo den amhrán ar an gceirmín *Deora Aille*. Duirt Hamish Henderson ar chloisteáil an amhráin dó: “*Listening to Úna Bhán on this record, I want to pay her artistry a worthy tribute, and find my words inadequate. When one hears such high excellence of singing, one searches in vain for praise that won't seem incompe-*

tent or patronising; in the long run, one finds oneself forced back on the illiterate language of silence.”

Ba ó Mháire Chafaí i Ros a' Mhíl a fuair Máire Áine an leagan seo do 'Úna Bhán', áit a mbíodh sí ag cuartaíocht le linn a hóige. Nuair a smaoinimid ar an tseoid luachmhar filíochta atá imithe i dtalamh, cuimhnimid ar Mháire Áine aríst a bhailigh amhráin ar nós 'Neilín an Bhrollaigh Ghil' óna comharsa béal dorais, Pádraig Cheannabháin, amhrán a tharraing scliúchas nuair a heisíodh caiséad ar a raibh Máire Áine ag gabháil don amhrán cúpla bliain ó shin. Tharraing an raic aird na bhfonnadóirí ar an amhrán aríst agus is minic a chloistear an t-amhrán á ghabháil sa lá atá inniu ann. Bhí cuid den amhrán breactha síos i mbailiúchán de hÍde, *Amhráin Ghrá Chúige Chonnacht*, faoin teideal 'Tiarna Bhinn Éadair' cé go raibh ceol an amhráin ligthe i ndearmad.

Tá Máire Áine i gcré na cille anois, faraoir, ach maireann an draíocht a bhí ina cuid duanaireachta i gCois Fharraige go dtí an lá atá inniu ann. B'fhéidir nach bhfuil sé de mhisneach ag fonnadóirí an dara casadh a thabhairt ar 'Úna Bhán' ina diaidh ach níl comórtas ná siamsa ná áirmean a mbíonn fonnadóirí óga Chois Fharraige ann nach bhfuil macalla an aoibhnis a bhí le sonrú i leagan aerach Mháire Áine de 'Barr an tSléibhe' le cloisteáil ag cách. Tá buíochas ag dul do Mháire Pheter atá ag spreagadh agus ag munlú an aosa óig i ré seo na nua-theicneolaíochta, treabhadh siar ar a ndúchas agus a n-oidhreacht, an bóthar céanna a thóg Máire Áine ina seal, ag daingniú an traidisiún amhránaíochta a shamhlaítear leis an gceantar de bharr fhonadóireacht Mháire Áine.